Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Moil Nuálaíochta Digití agus FBManna

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/12)

Rapóirtéir: **Giuseppe GUERINI**

Comhrapóirtéir: **Nicos EPISTITHIOU**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI)
Dáta a glactha sa rannóg	13.09.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	136/0/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Creideann CESE go láidir gur féidir le geilleagar na hEorpa tairbhe a bhaint as an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas agus go bhféadfaidh sé éirí níos iomaíche, níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos uathrialaithí.

1.2. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór don Aontas a chumas T&F agus a chumas nuálaíochta a fheabhsú agus cur le scaipeadh teicneolaíochtaí i measc saoránach, riaracháin phoiblí agus fiontar.

1.3. Measann CESE gur chóir infheistíocht T&F an Aontais a mhéadú go 3 % den olltáirgeacht intíre a luaithe is féidir. Ní mór don Aontas Eorpach tacar scileanna ar leith a fhorbairt i dteicneolaíochtaí digiteacha "den ghlúin nua" agus a áirithiú go mbeidh siad mar chuid de shamhlacha gnó ghnólachtaí an Aontais.

1.4. Tugann an dá aistriú neart deiseanna chun iomaíochas FBManna a fheabhsú, ach is féidir leo bheith ina mbagairt freisin. Chun na rioscaí sin a sheachaint, ní mór tacú le FBManna Eorpacha sa phróiseas aistrithe le sraith beartas agus ionstraimí.

1.5. Cé gur féidir leo a bheith an-nuálaíoch, bíonn deacrachtaí ag FBManna traidisiúnta an dá aistriú a bhainistiú i ngeall ar theorainneacha airgeadais agus eagraíochtúla, chomh maith le heaspa inniúlachtaí.

1.6. Ní mór feabhas ó bhonn a chur ar an rochtain atá ag FBManna ar mhaoiniú le haghaidh nuálaíochta i ngach Ballstát, trí leas a bhaint as maoiniú cothromais agus dreasachtaí cánach atá nasctha le teicneolaíochtaí digiteacha agus scileanna digiteacha.

1.7. Feidhmíonn Moil Nuálaíochta Digití mar ionaid ilfhreastail ina gcuirtear anailís agus réitigh ar fáil do chuideachtaí chun dul i ngleic leis an dá aistriú. Creideann CESE gur cheart do níos mó cuideachtaí san Aontas, fiú na cuideachtaí sin sa gheilleagar sóisialta, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na Mol Nuálaíochta Digití, agus gur cheart na torthaí a chur in iúl ar bhealach níos fearr, go háirithe do FBManna.

1.8. Is féidir le Moil Nuálaíochta Digití feidhmiú mar ardáin chun réitigh theicneolaíocha a thástáil sula ndéantar infheistíocht iontu ("tástáil roimh infheistiú"), chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun scileanna digiteacha a fhorbairt. Is féidir ról tábhachtach a bheith acu freisin chun leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

1.9. Creideann CESE go bhfuil easpa fís shoiléir ann maidir leis an bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar na Moil Nuálaíochta Digití, go háirithe i bhfianaise na Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha nuabhunaithe. Tá eochairtháscairí feidhmíochta ag teastáil lena ndéanfar feidhmíocht na Mol Nuálaíochta Digití a thomhas agus é d'aidhm aige sin go mbeidh siad ina bpríomhionaid Eorpacha le haghaidh nuálaíocht chuimsitheach FBManna.

1.10. Measann CESE gur cheart do na Moil Nuálaíochta Digití gníomhú mar "leibhéil idirmheánacha", atá ceaptha éisteacht le héilimh FBManna agus uirlisí agus réitigh a aithint chun iad a threorú. Tá sé fíorthábhachtach feasacht a mhúscailt maidir leis an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag na Moil Nuálaíochta Digití.

1.11. Tugann CESE faoi deara nach gcuirtear roinnt beartais FBM chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, agus tá bearna mhór sa chumarsáid faoi na saoráidí sin do FBManna. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit páirt a ghlacadh i gcomhpháirt le chéile chun feasacht a mhúscailt maidir le tionscnaimh Eorpacha agus náisiúnta atá ann cheana do FBManna, lena n-áirítear na buntáistí a bhaineann le dul isteach i líonra na Mol Nuálaíochta Digití.

1.12. Measann CESE gur gá maoiniú ceart a áirithiú do ghníomhaíochtaí na Mol Nuálaíochta Digití – idir chláir forbartha gnó agus tacaíochta T&N agus mhaoiniú fóirdheonaithe do ghnólachtaí agus rannpháirtíocht i nglaonna ar thairiscintí.

1.13. Creideann CESE gur cheart do Mhoil Nuálaíochta Digití a n-aird a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do gheilleagair réigiúnacha agus do chórais FBManna áitiúla, agus molann sé mapáil réigiúnach a dhéanamh ar na moil atá ann cheana agus plean gníomhaíochta a dhéanamh lena ndíreofar ar fhorbairt réigiúnach agus ar chuimsiú agus ar rannpháirtíocht níos fearr. Is féidir le comhar idir cuideachtaí móra agus FBManna an nuálaíocht dhigiteach a thabhairt chun cinn, rud a bhainfeadh leas as acmhainneacht na nuálaíochta sa slabhraí soláthair nár baineadh leas aisti roimhe sin.

1.14. Tugann CESE dá aire go bhfuil difríochtaí idir réigiúin na hEorpa ó thaobh dháileadh na Mol Nuálaíochta Digití de, agus oirthear agus oirdheisceart na hEorpa ag titim ar gcúl. Tá sé ríthábhachtach don dul chun cinn Eorpach go laghdófaí na héagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus na réigiúin.

1.15. Ní mór do Mhoil Nuálaíochta Digití tacú le FBManna chun uas-sciliú agus athoiliúint a chur ar a lucht saothair, lena n-áirítear fiontraithe, chun infhostaitheacht a áirithiú amach anseo i gcomhthéacsanna a bhíonn ag athrú go tapa. Ní mór córais oideachais a fhorbairt le béim láidir ar ETIM, ag tosú sna bunscoileanna. Ina theannta sin, is gníomhaithe tábhachtacha iad institiúidí teicniúla agus gairmiúla an mheánoideachais agus an oideachais an tríú leibhéil mar aon le hollscoileanna áitiúla. Tá scileanna digiteacha ríthábhachtach chun digiteáil iomlán a bhaint amach agus chun daoine óga oilte a mhealladh isteach in earnálacha traidisiúnta freisin.

1.16. Ní mór do cheardchumainn, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do chumainn fostóirí agus do na húdaráis phoiblí, oibriú le chéile chun misin agus straitéisí na Mol Nuálaíochta Digití a rialú agus chun foghlaim ar feadh an tsaoil agus cláir ghairmoiliúna a fhorbairt lena ráthaítear infhostaitheacht leanúnach le hionaid oibre agus tuarastail chuibhiúla, lena n-áirithítear cearta sóisialta agus rannpháirtíocht ghníomhach na n-oibrithe. Tá an t-idirphlé sóisialta ríthábhachtach sa phróiseas, agus ní mór comhionannas inscne a áirithiú.

2. **Comhthéacs an togra agus na breithnithe ginearálta**

2.1. Tá éifeachtaí urghnácha ag an gclaochlú digiteach ar an ngeilleagar, ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí ina hiomláine. Cuireann sé le táirgiúlacht na gcóras eacnamaíoch, cuireann sé feabhas ar sheirbhísí poiblí agus cáilíocht saoil daoine, agus cruthaíonn sé forbairtí nua. Tá forbairt tagtha ar sheirbhísí, táirgí agus próisis na ngnólachtaí agus na n-eagraíochtaí (poiblí agus príobháideacha, margaidh agus sóisialta) a chuaigh i mbun claochlú digiteach, agus tá siad níos iomaíche dá bharr.

2.2. Is soiléire freisin an imní atá ann maidir leis an tionchar diúltach a bheidh ag an digiteáil ar an bhfostaíocht. Is rioscaí easáitithe iad gníomhaíochtaí atá thar a bheith caighdeánaithe in earnálacha atá níos neamhchosanta ar an iomaíocht, ach is lú i bhfad na rioscaí sin in earnálacha ina bhfuil breisluach níos mó agus i réimse na monaraíochta. Ar an iomlán, is féidir le geilleagar na hEorpa tairbhe a bhaint as an aistriú digiteach agus an t-aistriú éiceolaíoch agus éirí níos iomaíche, níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos uathrialaithí.

2.3. Is athruithe bunúsacha gasta iad na hathruithe atá á ndéanamh mar thoradh ar an gclaochlú digiteach. Cuireann siad de cheangal ar gach eagraíocht dul in oiriúint ar bhonn leanúnach le luas uafásach na leasuithe, lena n-áirítear trí iad féin a athcheapadh. Tá FBManna, cnámh droma gheilleagar na hEorpa, ar na heagraíochtaí is mó a d'fhulaing de dheasca an chlaochlaithe dhigitigh.

2.4. Is gnách le FBManna traidisiúnta acmhainní atá gann ó thaobh maoiniúcháin, caipiteal daonna agus struchtúr eagrúcháin de, a chomhchruinniú i ngníomhaíochtaí agus cleachtais chomhdhlúite. Is iondúil gur fearr le FBManna a bhfuil spiorad láidir nuálaíochta acu fiú, an nuálaíocht fhorchéimnitheach (meánteicneolaíochta) seachas an nuálaíocht radacach (ardteicneolaíochta) is dual don réimse digiteach. Bíonn FBManna ag brath freisin ar iasachtaí traidisiúnta bainc mar mhaoiniú, rud a chuirtear bac air uaireanta mar gheall ar easpa comhthaobhachta nó stair chreidmheasa. Is féidir deiseanna maoinithe feabhsaithe a fhorbairt, go háirithe maidir le maoiniú cothromais, rud nach bhfuil chomh forbartha céanna san Aontas i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe, mar shampla, áit a bhfuil an-chuid maoinithe ar fáil fiú nuair nach féidir an fiachas a aisíoc.

2.5. Chuir paindéim COVID-19 dlús le próisis an chlaochlaithe dhigitigh: b'eachtraí fíorúla go tobann gnéithe tábhachtacha den gheilleagar agus den tsochaí, mar shampla an obair, an trádáil, an t-oideachas, an chumarsáid agus siamsaíocht. Chun go dtiocfaidís slán as, bhí ar FBManna láithreacht dhigiteach a fhorbairt freisin.

2.6. Chuir paindéim COVID-19 srian freisin le sreafaí trádála agus cuireadh isteach ar shlabhraí luacha domhanda, rud a léirigh nár mhór go mbainfeadh an Eoraip leibhéal i bhfad níos airde neamhspleáchais teicneolaíochta amach agus an phráinn a bhain leis sin. Tá straitéisí an Aontais Eorpaigh chun réitigh uathrialacha iomaíocha a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí tábhachtacha don todhchaí bunaithe ar an méid sin. Tá roghanna beartais i gceist leis sin ar gá fáilte a chur rompu agus ar gá iad a spreagadh. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur fós ar an gclaochlú digiteach ó thaobh gnólachtaí, údaráis phoiblí agus eagraíochtaí eile de.

2.7. Creideann CESE gurb iad an cumas chun réitigh nuálacha a tháirgeadh agus chun na réitigh sin a scaipeadh sa tsochaí agus sa gheilleagar na príomhthosca lena gcinnfear iomaíochas an Aontais idir seo agus 2050. Chuige sin, agus arna chothabháil ag an gCoimisiún Eorpach sa chlár don Eoraip Dhigiteach ([1]), ní mór don Aontas scileanna ar leith a fhorbairt i dteicneolaíochtaí digiteacha "den ghlúin nua" amhail Idirlíon na Rudaí Nithiúla, mórshonraí, intleacht shaorga, róbataic, néalríomhaireacht agus blocshlabhra, agus a áirithiú go mbeidh na teicneolaíochtaí cumasúcháin sin ina ndlúthchuid de shamhlacha gnó na ngnólachtaí Eorpacha, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí na Mol Nuálaíochta Digití. Ar mhaithe le soiléireacht, "Moil Nuálaíochta Digití" a thabharfaimid sa tuairim seo ar "Mhoil Nuálaíochta Digití" agus ar "Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha" araon.

2.8. Baineann an méid a cuireadh in iúl faoin aistriú digiteach leis an aistriú glas freisin. Tá roinnt mhaith cosúlachtaí idir an dá chéim den aistriú sistéamach agus cruthaíonn siad ualach dúbailte do FBManna, agus ar ndóigh, cuireann siad deiseanna éagsúla ar fáil ar gá measúnú cúramach a dhéanamh orthu.

2.9. Beidh tionchar díreach ag digiteáil thionscal na hEorpa ar bhaint amach chuspóirí aeráide an Chomhaontaithe Ghlais agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) Chlár Oibre 2030. Mar sin féin, tá líon suntasach fuinnimh in úsáid ag tionscadail dhigiteacha ardfhorbartha, agus creideann CESE gur féidir leis na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha ról tábhachtach a imirt maidir le hanailís a dhéanamh ar an tionchar ar an aistriú glas. Ní féidir táirgeadh inbhuanaithe agus samhlacha gnó ciorclacha san Eoraip a bhaint amach ach amháin trí infheistíochtaí móra a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn.

2.10. Tá gá le forbairt thapa, bhríomhar ar chumas teicneolaíochta an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Tá CESE ag tabhairt dá aire go bhfuil an tAontas Eorpach fós chun deiridh ó thaobh infheistíocht T&F i gcoibhneas le hOlltáirgeacht Intíre (2,32 % in 2020, i gcomparáid le 3,08 % i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus 3,2 % sa tSeapáin) ([2]). Ba cheart infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt a threisiú a luaithe is féidir go 3 % den Olltáirgeacht Intíre chun ligean don Aontas dul san iomaíocht ar bhonn domhanda i saol an aistrithe dhigitigh.

2.11. Ar an leibhéal Eorpach, bíonn deacrachtaí ag gnólachtaí, agus ní ag FBManna amháin, teicneolaíochtaí nua a ghlacadh. Cé go gcuirtear deiseanna suntasacha ar fáil do ghnólachtaí ar fud an Aontais leis an gclaochlú digiteach, tá sé tugtha chun suntais ag CESE trí roinnt tuairimí, nach mór do chuid mhaith díobh aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus éiginnteachtaí dlíthiúla, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí trasteorann. Mar thoradh ar na héiginnteachtaí sin, is iomaí FBM a bhfuil easpa rochtana ar mhaoiniú nó ar acmhainní infheistíochta acu, chomh maith le ganntanas scileanna.

2.12. Dá bhrí sin, ba cheart uirlisí a fhorbairt agus a neartú chun tacú le FBManna na bearnaí sin a shárú. Is iad na Moil Nuálaíochta Digití na príomhionstraimí chun na críche sin. Creideann CESE gur cheart do níos mó cuideachtaí san Eoraip comhoibriú le Moil Nuálaíochta Digití agus gur cheart na torthaí a fhaightear a chur in iúl ar bhealach níos fearr, go háirithe do FBManna.

([1]) Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 IO L 166, 11.5.2021, lch 1 Rialachán (AE) 2021/694

([2]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=R%26D_expenditure&oldid=551418.

3. **Moil Nuálaíochta Digití mar bhonneagar chun tacú le FBManna**

3.1. Eintitis éagsúla is ea na Moil Nuálaíochta Digití (ó thaobh eagraíochta de, maidir le rialachais agus maidir leis na seirbhísí a sholáthar) a bunaíodh ar fud na hEorpa chun cabhrú le FBManna a bhfuil claochlú digiteach á dhéanamh acu. Feidhmíonn Moil Nuálaíochta Digití mar ionaid ilfhreastail ina gcuirtear anailís agus réitigh ar fáil do chuideachtaí chun dul i ngleic leis an dá aistriú.

3.2. Cuireann Moil Nuálaíochta Digití seirbhísí breisluacha ar fáil do FBManna amhail uas-sciliú agus athoiliúint an lucht saothair, comhairle maidir le nuálaíocht, teicneolaíochtaí, straitéisí, airgeadas, an t-aistriú glas agus an geilleagar ciorclach. Is minic freisin a chuireann siad saoráidí agus ardáin teicneolaíochta ar fáil chun réitigh theicneolaíocha a thástáil sula ndéantar infheistíochtaí ("tástáil roimh infheistiú").

3.3. Tá athstruchtúrú mór á dhéanamh faoi láthair ar líonra leathan na Mol Nuálaíochta Digití san Eoraip. Déanfar na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha a roghnaíodh le déanaí a mhaoiniú 50 % le cistí don Eoraip Dhigiteach agus 50 % le cistí náisiúnta agus réigiúnacha na hEorpa, agus beidh sé de chúram orthu tacú le digiteáil na FBManna agus na n-údarás poiblí. Tar éis ghlacadh an chláir don Eoraip Dhigiteach, tiocfaidh na chéad Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2022. Leanfaidh na Moil Nuálaíochta Digití reatha de bheith ag feidhmiú chun tacú le claochlú digiteach FBManna agus réigiún a úsáideann acmhainní an chláir Fís Eorpach agus CFRE. Creideann CESE go bhféadfadh forluí ainmneacha den sórt sin mearbhall a chur ar fhaighteoirí na seirbhísí.

3.4. Creideann CESE go bhfuil easpa fís shoiléir ann maidir leis an bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar na Moil Nuálaíochta Digití. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeidh eochairtháscairí feidhmíochta ann lena ndéanfar feidhmíocht na Mol Nuálaíochta Digití a thomhas thar thréimhse ama, agus lena leagfar amach an dul chun cinn a dhéanfar ar an leibhéal Eorpach maidir le straitéis digiteála na FBManna. Ní mór do Mhoil Nuálaíochta Digití a bheith ina líonra críochnúil d'ionaid ilfhreastail chun cabhrú le riachtanais dhigiteacha FBManna.

3.5. Beidh na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha níos aonfhoirmí ó thaobh méide, rialachais agus tascanna de. Beidh láithreacht gheografach sách fairsing acu, agus forbróidh siad cumais shonracha ardleibhéil i dtaca le "eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin" aonair mar a shainítear sa chlár don Eoraip Dhigiteach. Cabhróidh siad le claochlú digiteach cuideachtaí, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, agus údaráis phoiblí.

3.6. Cé go bhfuil na heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus an cur chuige ardteicneolaíochta a lean an Coimisiún Eorpach maidir leis na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha ag teacht le spriocanna iomaíochas teicneolaíoch na hEorpa a leagtar amach sa chlár don Eoraip Dhigiteach, is ábhar imní é ó thaobh a chumais a bheith in oiriúint do chonairí nuálaíochta FBManna.

3.7. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach, mar chuid den straitéis chun acmhainn dhigiteach FBManna a mhéadú, aird níos mó a thabhairt ar chineál an éilimh ó ghnólachtaí den sórt sin, agus ar aon saincheisteanna criticiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an athraithe radacaigh sin. Bainfear an méid sin amach nuair a bheidh tuilleadh acmhainneachta ar fáil chun freagairt do riachtanais FBManna agus trí chomhoibriú le geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear cuideachtaí móra, i gcláir nuálaíochta thiomnaithe.

3.8. Níl aon ról oifigiúil eagrúcháin ag FBManna maidir le nuálaíocht agus T&F, agus tá a gcur chuige i leith na nuálaíochta dírithe go príomha ar an meánteicneolaíocht (lánpháirtiú teicneolaíochtaí seanbhunaithe) agus ar an nuálaíocht incriminteach (nuálaíocht fhorchéimnitheach atá níos moille ná an nuálaíocht radacach dhigiteach), a fhorbraítear freisin trí bhealaí neamhfhoirmiúla agus leathfhoirmiúla ina ndéantar saineolas agus turgnaimh a mhalartú le cuideachtaí eile, lena n-áirítear mar chuid de chaidrimh fhochonarthacha. D'fhéadfaí príomhtheicneolaíochtaí a thabhairt isteach i dtaca le FBManna freisin trí chonairí forbartha straitéisí agus teicneolaíochta a fhorbairt lena n-áirítear teicneolaíochtaí den sórt sin.

3.9. Dá bhrí sin, teastaíonn "leibhéal idirmheánach" idir éileamh agus soláthar do na próisis nuálaíochta le haghaidh FBManna. Ba cheart an leibhéal idirmheánach sin a dhearadh chun éisteacht le héileamh ar bith, fiú na héilimh bheaga, agus na huirlisí agus na réitigh is fearr a roghnú ó raon freagraí teicneolaíochta atá flúirseach agus mearbhlach. D'fhéadfadh sé gurb iad na Moil Nuálaíochta Digití an leibhéal idirmheánach sin. Tá sé fíorthábhachtach feasacht a mhúscailt maidir leis an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha.

3.10. Is féidir a mheas cheana féin gur torthaí dearfacha iad na torthaí a bhain na Moil Nuálaíochta Digití amach ina leith sin. Dar leis an mBanc Eorpach Infheistíocht, léiríonn na sonraí a bailíodh go bhfuil ról lárnach ag na Moil Nuálaíochta Digití maidir le tacú le FBManna Eorpacha sa chlaochlú digiteach. […] Creideann os cionn 70 % d'fhiontair a ndearnadh suirbhé orthu agus a bhain úsáid as Mol Nuálaíochta Digití gur chuir an tacaíocht a fuair siad feabhas ar a ndul chun cinn digiteach.

3.11. Is féidir ról an-tábhachtach a bheith ag Moil Nuálaíochta Digití freisin maidir le digiteáil fhiontair an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn, go háirithe i gcás fiontair shóisialta atá ag feidhmiú in earnáil an leasa agus an chúraim baile, áit ar féidir le teicneolaíochtaí digiteacha seirbhísí a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas.

4. **Tograí chun feabhas a chur ar bheartais Eorpacha maidir le nuálaíocht dhigiteach do FBManna**

4.1. Is mór ag CESE an aird atá dírithe ar FBManna agus líon na mbeartas agus na gclár a thacaíonn leo. Mar sin féin, tugann sé faoi deara nach bhfuil cur chuige foriomlán an Choimisiúin dírithe go leordhóthanach ar phróisis agus ar riachtanais FBManna. Ina theannta sin, ní chuirtear na beartais sin go léir chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus tá bearna mhór ann ó thaobh na saoráidí sin a chur in iúl i measc FBManna. Ní mór tús áite a thabhairt d'fheasacht a mhúscailt maidir le tionscnaimh Eorpacha agus náisiúnta agus ní mór an fhreagracht a roinnt idir na hinstitiúidí Eorpacha agus na Ballstáit.

4.2. D'fhonn cúraimí na Mol Nuálaíochta Digití a chur chun feidhme, creideann CESE gur gá maoiniú ceart a áirithiú trí úsáid a bhaint as foinsí éagsúla, idir chláir forbartha gnó agus tacaíochta T&N ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach agus mhaoiniú fóirdheonaithe do ghnólachtaí agus rannpháirtíocht i nglaonna ar thairiscintí. Ó thaobh FBManna de, ní mór foráil a dhéanamh maidir leis an deis rochtain a fháil ar dhreasachtaí cánach atá nasctha le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht dhigiteach agus scileanna gaolmhara.

4.3. Creideann CESE gur cheart ról lárnach a bheith ag Moil Nuálaíochta Digití maidir le forbairt rianúil, chothrom gheilleagar agus fhostaíocht an Aontais agus, go háirithe, go mbeidís ag gabháil le haistriú digiteach agus aistriú glas na FBManna. Chun na críche sin, ba cheart dóibh seirbhísí neamh-mhargaidh, mar a thugtar orthu, a fhorbairt freisin mar chuid de ghníomhaíochtaí oiliúna agus ardaithe feasachta, agus ba cheart costais na ngníomhaíochtaí sin a bhfuil ábharthacht phoiblí ag baint leo a chumhdach le cistiúchán poiblí.

4.4. Creideann CESE gur cheart do Mhoil Nuálaíochta Digití, thar aon ní eile, ról na suimeálaithe córais a imirt, lena dtabharfar le chéile riachtanais FBManna agus réitigh theicneolaíocha. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh na Moil Nuálaíochta Digití an cumas chun gníomhú mar ardáin nuálaíochta áitiúla, ina dtabharfar le chéile scileanna agus acmhainní na líonraí nuálaíochta áitiúla (agus seachtracha, b'fhéidir) agus na héilimh/deiseanna a eascraíonn as córais táirgeachta áitiúla. Ansin, forbrófar scileanna sonracha in eochairteicneolaíochtaí aonair a bhaineann go sonrach le heintitis eile T&N (ionaid taighde, ollscoileanna, mórchuideachtaí).

4.5. I bhfianaise chaighdeánú na bpróiseas agus na ndreasachtaí le haghaidh comhair trasteorann agus comhroinnt eolais, taithí agus cleachtas, lena n-áirítear trí ardán digiteach comhroinnte, creideann CESE gur cheart do Mhoil Nuálaíochta Digití a n-aird a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do gheilleagair réigiúnacha agus do chórais FBManna áitiúla. Dá bhrí sin, molann CESE mapáil réigiúnach a dhéanamh ar mhoil atá ann cheana i gcomhar le heagraíochtaí fostóirí FBManna, agus plean gníomhaíochta a dhíriú ar fhorbairt réigiúnach agus ar chuimsiú agus rannpháirtíocht níos fearr.

4.6. Tugann CESE dá aire go bhfuil difríochtaí idir réigiúin na hEorpa ó thaobh dháileadh na Mol Nuálaíochta Digití agus go bhfuil na tíortha céanna in oirthear agus in oirdheisceart na hEorpa a raibh ráta íseal digiteála iontu le blianta beaga anuas, ag titim ar gcúl. I dtuairim roimhe seo uaidh, dúirt CESE go mbeadh sé ina thosaíocht ar leith aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach. I ndiaidh na paindéime, tarraingíodh aird ar na deiseanna agus ar na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcumarsáid dhigiteach, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Tá sé ríthábhachtach don dul chun cinn Eorpach go laghdófaí na héagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus na réigiúin.

4.7. Chun an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a dhreasú do FBManna, creideann CESE nach mór faireachán ceart a dhéanamh ar dhá phríomhghné agus aghaidh a thabhairt orthu: scileanna digiteacha forleathana agus comhar a chothú idir cuideachtaí, ag tosú le slabhraí táirgthe agus soláthair.

4.8. Tá scileanna digiteacha ríthábhachtach, go háirithe do FBManna, ós rud é gurb iad na príomhchonstaicí ó thaobh digiteáil iomlán a bhaint amach, in ainneoin dreasachtaí láidre airgeadais le haghaidh infheistíochtaí. I gcás FBManna, baineann uas-sciliú agus athsciliú leis an lucht saothair fostaithe agus le fiontraithe atá rannpháirteach go díreach sna próisis táirgthe agus i roghanna nuálaíochta agus infheistíochta. I gcás nach bhfuil scileanna digiteacha ag fiontraithe, cuireann sé sin cosc orthu leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le teicneolaíochtaí digiteacha, agus is bac tromchúiseach é sin ar iomaíochas cuideachtaí, rud a bhfuil tionchar diúltach aige ar an bhfostaíocht.

4.9. Níl aon ról oifigiúil eagrúcháin ag FBManna maidir le nuálaíocht agus T&F, agus tá a gcur chuige i leith na nuálaíochta dírithe go príomha ar an meánteicneolaíocht (lánpháirtiú teicneolaíochtaí seanbhunaithe) agus ar an nuálaíocht incriminteach (nuálaíocht fhorchéimnitheach atá níos moille ná an nuálaíocht radacach dhigiteach), a fhorbraítear freisin trí bhealaí neamhfhoirmiúla agus leathfhoirmiúla ina ndéantar saineolas agus turgnaimh a mhalartú le cuideachtaí eile, lena n-áirítear mar chuid de chaidrimh fhochonarthacha. D'fhéadfaí príomhtheicneolaíochtaí a thabhairt isteach i dtaca le FBManna freisin trí chonairí forbartha straitéisí agus teicneolaíochta a fhorbairt lena n-áirítear teicneolaíochtaí den sórt sin.

4.10. Ní mór do cheardchumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhlachais fostóirí agus údaráis phoiblí, atá freagrach go príomha as cúraimí agus straitéisí na Mol Nuálaíochta Digití a threorú, oibriú le chéile chun uas-sciliú agus athoiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil agus cláir ghairmoiliúna a fhorbairt lena ráthófar infhostaitheacht leanúnach an lucht saothair, áiteanna oibre maithe, tuarastail chuibhiúla agus cearta sóisialta. Ní mór ról ceannasach a bheith ag oibrithe i bpróisis an chlaochlaithe dhigitigh agus ní mór comhionannas inscne a chinntiú. Tá an t-idirphlé sóisialta ríthábhachtach chun na críche sin, agus ní mór tacú leis chun na riachtanais ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha a shainaithint chomh maith leis na tionchair fhadtéarmacha beartais.

4.11. D'fhéadfadh comhar idir cuideachtaí móra agus FBManna, ag tosú le slabhraí táirgthe agus soláthair, leibhéil nua a bhaint amach sa nuálaíocht dhigiteach, rud a d'fhéadfadh a lán bacainní ar eolas, ar chaighdeánú agus ar chostais a shárú.

4.12. Creideann CESE go mbraitheann ról straitéiseach na Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha amach anseo ar dhá thoisc: an cumas chun riachtanais, srianta agus deiseanna FBManna a bhaineann le taighde, forbairt agus nuálaíocht a tharchur chuig lucht déanta beartas d'fhonn beartais a dhearadh ar bhealach níos fearr lena gcuirfear ábharthacht agus cáilíocht FBManna chun cinn; agus an cumas feabhas a chur ar ár n-éiceachóras sóisialta agus fiontraíochta, rud a chuideoidh leis an éiceachóras sin a dhéanamh níos athléimní agus níos réamhbhreathnaithí.

An Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG